

# Leabhrán Stíle

## Aistí agus Tráchtais Fhochéime



**Ollscoil Luimnigh**  
Rannóg na Gaeilge

Tadhg Ó hIfearnáin  
Roinn na dTeangacha agus an Léinn Chultúir  
Ollscoil Luimnigh  
IRL - Luimneach

guthán: +353 61 202797  
facs: +353 61 202556  
[tadhg.ohifearnain@ul.ie](mailto:tadhg.ohifearnain@ul.ie)  
<http://www.ul.ie/~lcs/tadhg-o-hifearnain-2>

**Leagan: Meán Fómhair 2008**



# Aistí Acadúla

(Aistí, tograí agus obair scríofa na modúl léinn, agus tráchtas fhochéime)

Ní mór gach foinse eolais a úsáidtear sa scríbhneoireacht acadúil a lua mar is ceart agus tagairt a dhéanamh dó ar an dóigh chuí. Ní féidir marc a thabhairt ar aon phíosa oibre nach mbaineann úsáid as córas acadúil tagartha. **Má bhaintear leas as foinsí eolais nach n-admhaítear ar an tslí cheart teipfeáir ar an aiste/tráchtas/tionscadal/togra.**

Is ionann úsáid a bhaint as foinsí nach luaitear agus bradaíl.

## An Bhradaíl Líteartha

**Gadaíocht is ea an bhradaíl sa scríbhneoireacht. Feall tromchúiseach í a mbeidh drochthoradh uirthi don mhac léinn. Más léir go bhfuil mac léinn i mbun bradaíola, tabharfar teip ghlan don duine sin sa mhodúl iomlán.**

Is ionann bradaíl liteartha agus smaointe duine eile a athreic amhail is gur tú féin a cheap iad; abairtí, focail, ráitis, smaointe, argóintí, coincheapa duine eile a chur i láthair i d'ainm féin. Is iomaí dóigh a ndéantar an bhradaíl liteartha, idir mhíreanna fada nó gearra de shaothar foilsithe duine eile a athscríobh gan an t-údar a lua nó abairtí, pictiúir, táblaí, sonraí nó smaointe a chóipeáil ó shaothar neamhfhoilsithe ar nós thráchtas ollscoile nó obair mhac léinn eile gan a chur in iúl go soiléir cá bhfuarthas iad. Is ceart cead a lorg ón údar chun aon phíosa eolais a úsáid ó fhoinsé scríofa nach bhfuil foilsithe cheana féin, nó nach bhfuil teacht air ag an bpoibál.

## **Roinnte samplaí de bhradaíl sa scríbhneoireacht acadúil:**

- Duine eile a chur i mbun aiste nó obair bhaile a scríobh ar do shon.
- Cóipeáil as aiste nó as obair de chuid duine eile.
- Feidhm a bhaint as aiste duine eile a tugadh isteach san ollscoil seo nó in ollscoil eile roimhe sin, gan an fhoinsé sin a lua.
- Cóipeáil sleachta go glan amach as leabhar tagartha nó ón idirlíon, nó as foinse eile agus a leagan isteach ar d'aiste féin. ***Tá sé chomh neamhdhleathach céanna cóipeáil as foinse idirlín is a bheadh sé cóipeáil as aon fhoinsé cló.***
- Cuid de shliocht a chóipeáil, ach an corrfhocail a athrú thall is abhus.
- Maíomh as smaointe duine eile, go fiú má chuireann tú do fhocail féin orthu.
- Gan foinse smaoinimh a lua.
- Sleachta fada téacs le duine eile a roinnt (go fiú **má thugtar** faoi uaschamóga iad agus go fiú **má luaitear** an fhoinsé leo). Is é seo teoiric an 'chóir-reaca'. Seachain aon téacs níos faide ná cúig líne ó fhoinsé eile a chur isteach i do shaothar féin. Is fearr an sliocht fada aithrise a sheachaint de ghnáth.

## Cad chuige ar cheart an bhradaíl a sheachaint sa scríbhneoireacht acadúil?

- Is mí-ionraic an cleachtas é.
- Tá sé in aghaidh an dlí.
- Ní fhoghlaimíonn tú aon rud. (Nach bhfuil tú anseo le haghaidh na foghlama agus le tú féin a oiliúint?)
- Cuireann sé déistin ar do chomrádaithe ranga agus ar na léachtóirí.
- Tiocfaidh foireann na Gaeilge ort, mar a tháinig riamh ar lucht na bradaíola.
- Is féidir piónós trom a chur ar dhuine dá barr (teip, díbirt, nó fiú a ghairm chun cúirte).
- D'fhéadfaí an t-am a mheilfeas duine i mbun cheilt na bhradaíola a chaitheamh ní b'fhearr leis an obair cheart féin a dhéanamh.
- Is furasta an bhradaíl liteartha a sheachaint.

## Conas an bhradaíl a sheachaint?

- Beartaigh romhat. Tabhair go leor ama duit féin chun an saothar a réiteach. Leag amach an riar cuí ama sa tslí nach mbeidh ort gabháil i mbun na bradaíola, óir, is minice de thoradh míchúraim agus bhrú ama a théann mic léinn ina bun.
- Cinntigh go bhfuil clár iomlán agat de na saothair a dtagraíonn tú dóibh (i. tagairtí don Leabharliosta / do Chlár na bhFoinsí). Cuimsíonn 'Foinsí' na foinsí ar líne chomh maith. **Ní mór gach údar agus gach foinse a lua.**
- Caithfidh tú tagairt don saothar bunaidh as ar ghlac tú gach smaoinemh (nó fíric, nó díospóireacht) nár thusa tú féin a cheap.
- Téigh i dteagmháil le duine d'fhoireann na Gaeilge i gcás amhrais.

Ba cheart cloí le gnáthnósanna an aosa acadúil maidir le leabharliostaí, tagairtí, cead a lorg agus eile.

# Bileog Stíle

## Treoracha Ginearálta

Ní mór cóip chlóite den saothar a thabhairt don léachtóir roimh an spriocdháta agus cóip leictreonach (comhad faoi leith i bhfoirm MS Word) a chur chuig an léachtóir tríd an ríomhphost. *Ní leor an chóip chrua ná an chóip leictreonach amháin.*

Cloítear le litriú agus le gramadach *Chaighdeán Oifigiúil na Gaeilge*.

**Bain úsáid as an Teimpléad Aiseolais mar chéad leathanach i gcás aiste.**

Cuirfear an t-aiseolas ar fáil ar an teimpléad seo. Tá an teimpléad ar fáil mar aguisín seo thíos agus mar chomhad faoi leith.

### **An Chlófhoireann**

Méid: **12pt.** Moltar clófhoireann **Times New Roman**.

### **Spásáil**

Ba cheart go mbeadh spásáil dhúbailte in úsáid síos tríd an téacs. Is féidir spásáil shingil a úsáid do shleachta eangaithe, don leabharliosta agus d'aguisíní.

Ní mór gach síneadh fada a bheith san áit chuí. Má bhaineann tú úsáid as ríomhaire ar a bhfuil uathcheartú an Bhéarla, bí cinnte nach mbíonn gach 'i' ina 'I' agus nach mbíonn mionlitreacha tiontaithe ina gceannlitreacha nuair nach n-oireann sé ('Co. na hIarmhí' seachas 'Co. Na hIarmhí', mar shampla).

### **Foinsí**

Scríobhtar aiste acadúil bunaithe ar fhoinsí iontaofa. Moltar úsáid a bhaint as leabhair, ailt acadúla agus a leithéid. Is féidir an t-idirlíon a úsáid chomh maith, ach ní mór a bheith cinnte faoina iontaofa is atá na foinsí eolais. **Ní ghlacfar le tagairt do *Vicipéid* / *Wikipedia* nó a comhionann mar phríomhfhoinsé thagartha.**

### **Fonótaí**

Seachain fonótaí a úsáid ach nuair is gá. Baintear leas as fonótaí chun breis eolais a chur ar fáil nach mbaineann le corp an téacs. Go bunúsach, más tábhachtach an t-eolas atá san fhonóta, is ceart dó a bheith sa téacs. Mura bhfuil tábhacht ag baint leis, an gá é a bheith ann ar chor ar bith?

# An Córas Tagartha

Is é **Córas Harvard** an córas a mholann an Ollscoil féin. Tá na leathanaigh seo thíos bunaithe ar leagan de Harvard atá leasaithe do chleachtas na Gaeilge, faoi mar atá sé in úsáid ag eagarthóirí áirithe Gaeilge. Tá ceacht sa chóras seo ar fáil ar shuíomh idilín na Leabharlainne. Moltar duit féachaint air:

<http://www.ul.ie/referencing/index.html>

Tá buntaistí agus míbhuntaistí ag baint le gach córas tagartha. Beidh fáilte roimh aistí agus roimh thráchtas a bhaineann úsáid as córas Chicago, MLA, nó Oxford, chomh maith, nó a leanann bileog stíle de chuid theach foilseacháin a roghnaítear. *Sa chás nach mbaineann tú leas as Harvard (faoi mar atá sa bhileog seo nó mar atá foilsithe ag Harvard féin) ní mór é sin a chur in iúl ar chéad leathanach an tsaothair.*

## Córas Harvard (leasaithe)

### 1. Sleachta sa téacs

Caithfear gach ráiteas, tuairim, sonra nó eile a ceadaíodh ó shaothar údair eile a admháil agus a lua, is cuma más tagairtí díreacha nó indíreacha atá i gceist. Ba cheart **foinsí a chur i lúibíní** ar cheann amháin de na bealaí seo a leanas.

- Má tá tú ag tagairt do thuairim duine a ndearna údar cur síos air:

**Sampla** [tagairt indíreach]:

Maidir leis an modh ordaitheach, leis an aimsir ghnáthchaite, an modh foshuiteach caite agus sa mhodh choinníollach, is amhlaidh a mholtar *–(e)eadh* stairiúil a fhuaimniú mar *–(e)ach* i leaganacha pearsanta den bhriathar sa Lárchanúint. (Williams, 2006: 21).

- Má luann tú ainm an údair i do théacs féin:

**Sampla** [tagairt indíreach]:

Is beag náire a bhíonn ar mhuintir na Catalóinise an teanga s’acu féin a labhairt go poiblí i gcomórtas le cleachtas lucht na Gaeilge in Éirinn, dar le Tomás Mac Siomóin (2005: 34), agus tá an cleachtas sin ar cheann de na constaicí is mó atá le sárú má tá athshlánú le bheith in ann don Ghaeilge.

**NÓ**

**Sampla** [tagairt dhíreach]:

Dar le James McCloskey nach mbaineann criól agus an criólú le comhthéacs na coilíneachta agus na sclábhaíochta amháin:

Ach is cinnte go raibh an fórsa cruthaitheachta seo riamh ann agus go bhfuil sé i gcónaí ann agus í ar obair i bpobail dhaonna. Tá gach cosúlacht ar an scéal anois gur ó chriól a phréamhaigh an Béarla (nuair a tháinig sa Fhraincis Normannach agus leaganacha éagsúla den tSacsainnais i dteagmháil lena chéile san 11ú céad.) Is dóiche fosta gur ó theangacha crióil a shíolraigh cuid mhór de chanúintí Bhéarla na hÉireann. (2001: 31).

[NB: Tá an sliocht sin eangaithe – féach seo thíos]

- Mura luann tú an t-údar ná an bhliain sa téacs [tagairt indíreach]:

**Sampla:**

I dtuarascáil a foilsíodh ag an am, dúradh gur cruthaíodh tuairim is míle post nua sa Gaeltacht sa bhliain 2000 (Údarás na Gaeltachta, 2001: 12).

- Nuair a bhíonn **níos mó ná leabhar amháin** in úsáid agat leis an údar céanna, déantar idirdhealú eatarthu mar seo:

**Sampla:**

Sna hochtóidí, má bhí náire ar mhuintir na hÉireann labhairt faoi chúrsaí collaíochta, phléifeadh Gay Byrne na ceisteanna seo dóibh (O’Toole, 1990: 168). Faoi na nóchaidí, áfach, ba mhó an plé oscailte a bhí ar siúl sna meáin chumarsáide (O’Toole, 1995: 132).

- Má scríobh an t-údar céanna dhá leabhar, alt nó eile (nó a thuilleadh) an bhliain chéanna, úsáidtear an córas seo: 1999a, 1999b, 1999c srl.
- Nuair a bhíonn **ábhar a scríobh níos mó ná beirt údar** in úsáid, déantar tagairt dó mar seo:

**Sampla:**

D’fhéadfaí a áiteamh gurb é an cuntas is cuimsithí ar shaol comhaimseartha na Gaeltachta an ceann a foilsíodh mar chuid de cheiliúradh na mílaoise nua (Ó Tuathaigh et al, 2000).

sa chás seo, is é seo an tagairt iomlán a bheidh sa liosta foinsí:  
Ó Tuathaigh, G., Ó Laoire, L.L. agus Ua Súilleabháin, S. (eag.), 2000.  
*Pobal na Gaeltachta: A Scéal agus a Dhán*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta

- **Gnéithe eile**

**Dátaí:** Ba cheart iad a chur mar seo: 5 Meitheamh 1998. Scríobh ‘na caogaidí’ in ionad ‘na 50í’.

**Uimhreacha:** Ba cheart na huimhreacha níos lú na 10 a chur i bhfoirm scríofa: ‘sé bhád’. Nuair atá níos mó ná 10 i gceist, úsáidtear na figiúirí féin: ‘141 timpiste’. Nuair a bhíonn céatadáin in úsáid, scríobhtar ‘16 faoin gcéad’ sa téacs ach ‘16%’ in aon táblaí atá in úsáid agat.

**Nasc idir téacs agus sleachta:** ba chóir nasc soiléir a bheith idir téacs an mhic léinn agus an sliocht/na sleachta a mbaintear úsáid astu. De ghnáth, úsáidtear idirstad (:) chun an nasc a chur in iúl.

**Sleachta díreacha as téacs:** Ba cheart iad seo a chur taobh istigh d’uaschamóga single mar seo: ‘Sa chomhthéacs seo, is teangacha beaga iad formhór de theangacha an domhain agus líon nach beag díobh i mbaol an bháis’ (Ó Murchú, 2001: 150).

Ba cheart sleachta níos faide, níos mó ná daichead focal ar fhaid, a eangú [indent]. Sa chás seo, **ní** úsáidtear uaschamóga:

Sa chomhthéacs seo, is teangacha beaga iad formhór de theangacha an domhain agus líon nach beag díobh i mbaol an bháis. Tá teangeolaithe ag bailiú sonraí ar fud an domhain le fiche éigin bliain anuas. Foilsítear achoimrí san iris *Ethnologue* (Summer Institute of Linguistics, SAM). De réir mheastacháin 1999, tá 96% de theangacha an domhain á labhairt ag 4% de dhaonra an domhain (Ó Murchú, 2001: 150).

## 2. Liosta foinsí ag deireadh an téacs

- Déan liosta de na foinsí ar fad a d’úsáid tú.
- Cuir na foinsí i gcatagóirí éagsúla más cuí: foinsí clóite, foinsí dlí, foinsí leictreonacha, cláir raidió agus teilifíse srl.
- Cuir sloinne gach údair/cainteora (i gcás cláir raidió nó teilifíse) roimh a (h)ainm agus sórtáil an liosta in ord aibítire.

### 2.1 Leabhair

1. Sloinne an údair mar atá sé ar an leathanach teidil, ceannlitir don chéad ainm agus an dara hainm más gá,
2. Bliain a fhoilsithe.
3. Teideal: Mar atá ar an leathanach teidil ach i *gcló iodálach*. Idirstad (colon - :) idir an teideal agus fotheideal má tá ceann ann - is cuma cén phoncaíocht atá ar an leabhar, nó mura bhfuil aon phoncaíocht air.
4. (Eagrán murab é an chéad eagrán é).
5. An áit ar foilsíodh é:
6. An foilsitheoir.

### *Samplaí:*

- Mac Siomóin, T. 2005 *Ceachtanna ón gCatalóin? Teanga i ngleic le nualibrálachas*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- McCloskey, J. 2001 *Guthanna in Éag*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Ó Buachalla, B., 1996. *Aisling Ghéar: na Stíobhartaigh agus an tAos Léinn 1603-1788*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Ó Ruairc, M., 1997. *Aistrigh go Gaeilge: Treoirleabhar*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- O'Donnell, J. agus de Fréine, S., 1992. *Ciste Cúrsaí Reatha*. Baile Átha Cliath: An Foras Riaracháin.
- Titley, A., 1991. *An tÚrscéal Gaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Williams, N. 2006 *Caighdeán Nua don Ghaeilge*. An Aimsir Óg, Páipéar Ócáideach 1 (eagrán nua). Baile Átha Cliath: Coiscéim.

## **2.2 Ailt i Leabhair**

1. Údar: Sloinne, chéad ainm/ceannlitir.,
2. Bliain a fhoilsithe.
3. 'Teideal an ailt'.
4. Eagarthóir/Aistritheoir (sloinne, ceannlitir.) agus (eag.) ina dhiaidh
5. Eolas iomlán faoin leabhar mar atá thuas
6. Eagrán murab é an chéad eagrán é.
7. An áit ar foilsíodh é.
8. An foilsitheoir,
9. Uimhir/uimhreacha an leathanaigh/na leathanach ar a bhfuil an t-alt.

### *Samplaí:*

- Mac Mathúna, L., 2003. 'Rannpháirtíocht sna Cúrsaí Dífriúla Gaeilge ar an Tríú Leibhéal'. Ó Laoire, M. agus Ó Murchú, H. (eag.) *Teagasc na Gaeilge* 8. Baile Átha Cliath: Comhar na Múinteoirí Gaeilge, 48-59.
- Denvir, G., 1997. 'Pádraic Ó Conaire agus Éire a Linne'. Denvir G. (eag.) *Litríocht agus Pobal: Cnuasach Aistí*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 61-76.

## **2.3 Ailt in Irisí/Nuachtáin**

1. Údar: Sloinne, chéad ainm/ceannlitir.,
2. Bliain a fhoilsithe.
3. 'Teideal an ailt'.
3. Teideal na hirise/an nuachtáin *i gcló iodálach*,
4. Uimhir an imleabhair,
5. Uimhir an chéad leathanaigh agus an leathanaigh dheiridh den alt.

### *Samplaí:*

- Mac Conghail, M., 2003. 'Aer is talamh titithe ina chéile – aiste léirmheasa'. *Comhar*, 63 (6), 3-7.
- Holland, M., 1997. 'McAleese will give wrong message to Unionists'. *Irish Times*, 14 Deireadh Fómhair, 18.

## 2.4 Foilseacháin chorparáideacha nó rialtais

1. Ainm an eagrais (nó an rialtais) a d'fhoilsigh,
2. Bliain.
3. Teideal an fhoilseacháin *i gcló iodálach*.
4. An áit ar foilsíodh é.
5. Foilsitheoir.

*Samplaí:*

Coimisiún na Gaeltachta, 2002. *Coimisiún na Gaeltachta: Tuarascáil*. Baile Átha Cliath: Coimisiún na Gaeltachta.

Údarás na Gaeltachta, 2001. *Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2000*. Na Forbacha: Údarás na Gaeltachta.

## 2.5 Cláir Raidió agus Teilifíse

1. Cainteoir: Ainm agus Sloinne mar a tugadh,
2. 'Teideal an chláir',
3. Stáisiún,
4. Dáta craolta.

*Samplaí:*

Breathnach, P., 'Soiscéal Pháraic', TG4, 6 Samhain 2005.

Handy, C., 'The Open Mind', RTÉ Radio 1, 6 Samhain 1997.

Ní Dhonnchú, B., 'Adhmhaidin', RTÉ Raidió na Gaeltachta, 1 Márta 2002.

## 2.6 Agallaimh a rinneadh don taighde

1. Cainteoir: Sloinne agus ainm,
2. Bliain.
2. Teideal.
3. Áit inar tharla an t-agallamh,
4. Dáta an agallaimh.

*Sampla:*

Ó Dónaill, S., 2007. Agallamh le Séamas Ó Dónaill, scríbhneoir, Luimneach, 1 Deireadh Fómhair.

## 2.7 Foinsí Leictreonacha

### 2.7.1 Ábhar ar an Idirlíon

1. Údar/Eagarthóir, Bliain.
2. *Teideal* an leathanaigh [ar-líne].
3. Áit an bhfuil an foilsitheoir lonnaithe agus ainm an fhoilsitheora (más ann dó/má tá a fhios agat).
4. 'Ar fáil ag:' agus seoladh URL chomh fada le .htm
5. (An dáta ar léigh tú é).

*Samplaí:*

Foras na Gaeilge, 2006. *Príomhfheidhmeannach nua ceaptha ar Fhoras na Gaeilge* [ar-líne]. Baile Átha Cliath: Foras na Gaeilge. Ar fáil ag: <http://www.gaeilge.ie/foras/news/article.asp?id=159> (léite 15 Lúnasa 2006).

Ó Muirí, D., 2006. *Dúnmharú* [ar líne]. Gleann Cholm Cille: Beo! Ar fáil ag: [http://www.beo.ie/2006-08/?page=cuinne\\_na\\_nealaion&content\\_id=142](http://www.beo.ie/2006-08/?page=cuinne_na_nealaion&content_id=142) (léite 3 Meán Fómhair 2006).

### 2.7.2 Irisí leictreonacha

1. Údar, bliain.
2. 'Teideal an ailt'.
3. Teideal na hirise *i gcló iodálach* [ar-líne].
4. Uimhir, mí (más ann dó).
5. 'Ar fáil ag' agus URL chomh fada leis an deireadh.
6. (An dáta ar léigh tú é).

*Sampla:*

Korgen, K., Odell, P. & Schumacher, P., 2001. 'Internet Use Among College Students: Are There Differences By Race/ethnicity?' *Electronic Journal of Sociology* [ar-líne], 5 (3), Márta. Ar fáil ag: <http://www.sociology.org/content/vol005.003/korgen.html> (Léite 12 Iúil 2002).

### 2.7.3 Teachtaireachtaí ríomhphoist

1. Seoltóir (seoladh an duine a sheol an ríomhphost), Lá Mí Bliain.
  2. Ábhar na teachtaireachta.
- Agus sa chás go bhfuil tuilleadh comhfhreagrachais i gceist:
3. 'Ríomhphost chuig', ainm an duine ar sheol tú an teachtaireacht chuige
  4. (Seoladh ríomhphoist an duine eile).

*Sampla:*

Mag Ruairí, D. ([Donall.Magruairi@ul.ie](mailto:Donall.Magruairi@ul.ie)) 19 Meán Fómhair 2007. Ábhar: Ceist faoi ráiteas Úachtarán Ollscoil Luimnigh.

#### 2.7.4 Dlúthdhioscaí/Fístéipeanna/Dioscaí

1. Údar/Eagarthóir, Bliain.
2. *Teideal* [An cineál meáin]. (An t-eagrán)
3. An áit ar foilsíodh é: Ainm an fhoilsitheora (Más ann dó)
4. Ar fáil ó: Soláthraí
5. (An dáta ar léigh tú é).

*Sampla:*

Hawking, S.W., 1994. *A Brief History of Time: an interactive adventure* [CD-ROM]. Crunch Media (Léite 23 Meán Fómhair 2000).

**Leagan leasaithe Rannóg na Gaeilge  
Meán Fómhair 2008**

*Nuair a cuireadh an cháipéis seo le chéile ceadaíodh bileoga stíle Harvard atá in úsáid in Ollscoil Harvard agus leaganacha Gaeilge atá i bhfeidhm in ollscoileanna eile in Éirinn, chomh maith le seanbhileog stíle Rannóg na Gaeilge, Ollscoil Luimnigh. Gabhaimid buíochas lenár gcomhghleacaithe sna hinstitiúidí eile.*

## **Aguisín: An Teimpléad Aiseolais**

Bain úsáid as an teimpléad ar an leathanach ina dhiaidh seo mar leathanach clúdaigh ar an aiste. Clóscríobh d'uimhir aitheantais, d'ainm, cód an mhodúil agus teideal na haiste ar an teimpléad. Ní mór duit an fógra atá ag bun an leathanaigh a shíniú ar an leagan crua a thabharfaidh tú don léachtóir.

## Leathanach clúdaigh agus teimpléad aiseolais

Uimhir aitheantais:	Modúl: <u>GA</u>
Ainm agus sloinne:	
Teideal na hAiste:	

### Aiseolas

Marc :	Grád:
A1: + 76% , A2: 72%, B1: 68%, B2: 64%, B3: 60%, C1: 56%, C2: 52%, C3: 48% D1: 44%, D2: 40%, F: <39%	

5 = ar fheabhas, 4 = an-mhaith, 3 = maith , 2 = lag, 1= an-lag					
	5	4	3	2	1
<b>Éirim</b>					
Freagraíonn an aiste don teideal					
Struchtúr na haiste agus na n-argóintí					
Doimhne na hanailíse					
Úire agus neamhspleáchas smaointe					
<b>Réimse agus Cáilíocht na bhfoinsí a ceadaíodh</b>					
An taighde a rinneadh					
An scagadh a rinneadh ar na foinsí					
Leabharliosta / liosta na bhfoinsí					
Tagairtí déanta ar an dóigh chuí					
<b>Teanga agus Stíl scríbhneoireachta</b>					
Gramadach agus litriú na Gaeilge					
<b>Aiseolas eile</b>					
n.b. Bíonn gach marc sealadach go dtí go bpléitear é leis an scrúdaitheoir seachtrach agus le Bord na Scrúduithe					

Dearbhaím leis seo gurb é mo shaothar féin go hiomlán atá san ábhar seo atáim a thíolacadh le haghaidh measúnachta mar chuid den chlár staidéir don chéim agus nár tógadh aon chuid de as saothar aon duine eile ach amháin sa chás agus sa mhéid atá luaite agus aitheanta i dtéacs an tsaothair seo.

Sínithe: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_